

...uirlisí ríomhairithe agus uirlisí neamh-ríomhairithe...

...sa lá inniu tá an chuid uirlisí ríomhairithe agus uirlisí neamh-ríomhairithe ar fáil chun cabhair a thabhairt le ceachtanna agus le n-úsáid mar áiseanna staidéir, roghnaíonn muid na cinn a bhféadfadh a bheith cabhrach, ríomhairí, scanóirí, we select those that could be helpful, computers, bogearraí áirithe, gléasanna Braille, modhanna cumarsáide aibítreacha, an Dragon is nua aimsire, Poet-compact, soilsí formhéadaithe, uath-léitheoirí agus léitheoirí fuaimne, córais fótagrafaíochta le fóin phóca ina bhfuil sintéiseoir cainte iontu, táblaí inathraithe, suíocháin oiriúnacha, tacas-leabhair; is féidir leis na rudaí seo thú a cuidiú le do chuid staidéar agus tá siad tugtha amach ar iasacht duit don t-am iomlán atá siad ag teastáil uait...

...cuimsítheacht...

...athrú ainm, roimhe glaodh "lánaontú" air, an rud atá i gceist leis seo ná aon rud a féidir linn a dhéanamh d'ár gcomhshochair: eagraíonn muid an-chuid cúrsaí, mar shampla LIS, treallús chun do féinmhuinín a dhaingniú nó a mhéadú, síceadhráma, dhaingniú do bhúir dtuismitheoirí. Eagraíonn muid ócáidí a thugann deis labhartha, cruinnithe ar ábhair áirithe, móimintí draíochta le síscéalta, scannáin, móimintí cultúrtha, agus I bhfad níos mó... Ár mórghníomh is fearr? SPORT-ELL-TUTTI, is córas é seo a d'eagraíomar le hinstiúidí eile chun cabhair a thabhairt duit an sport is oiriúnaí a roghnú duit féin a chuideoidh leat "fás" agus spraoi a bheith agat i gcomhlúadar daoine óga eile, roinnt acu a bhféadfadh a bheith míchumasaithe, agus anseo d'fheadfá buaileadh le grúpa iontach chéimithe, míchumasaithe nó lánchumasaithe atá ar fad mar bhall den "Associazione Vita Indipendente" (An Cumann ar son Saol Neamhspleách) a bhunaíodh ag ár n-ollscoil agus a ritheann tionscnaimh ar son cuimsítheacht sóisialta agus cultúrtha na ndaltaí...

Má tá aon eolais uait le do thoil téigh i dteagmháil le:

An t-Ollamh Emilia Caronna
Dealagáidí an tSeansailéara
do thionscnaimh do dhaoine
míchumasaithe agus daoine faoi
míbhuntáiste

0521 033554 – 329 0189240
emiliawanda.caronna@unipr.it

An t-Ollamh Emilio Acerbi
Dealagáidí an tSeansailéara
Ionduchtú na Staidéar
0521 906947
emilio.acerbi@unipr.it

An Dr Daniela Barantani
Ceann Roinne
Rannaíochtaí agus cearta staidéar
0521 034075
daniela.barantani@unipr.it



UNIVERSITÀ DEGLI STUDI DI PARMA
Via Università, 12 – 43100 Parma
Switchboard 0521 032111
www.unipr.it



UNIVERSITÀ DEGLI STUDI DI PARMA

LE ELI-CHE

SEIRBHÍS DO DHAOINE MÍCHUMASAITHE
AGUS DAOINE FAOI MÍBHUNTÁISTE

...gach rud a bhfuil
ag teastáil ó dhaltaí
míchumasaithe chun
céim a bhaint amach ó ár
n-ollscoil...

www.dis-abile.unipr.it
dis-abile@unipr.it

BÉARLA - Irlandese

...ceart staidéar a dhéanamh...

Dlí 104/92

...ceart oideachas a bheith agat...

Comhdháil na Náisiún Aontaithe, 2006

...atá leagtha amach de réir an dlí agus ag Comhdháil Cearta um Dhaoine Faoi Míchumais agus atá anois mar chuid de stair shóisialta agus stair an chumainn, tá na gealltanais sin déanta ag ár n-ollscoil anois ar feadh 12 bhliain, go héifeachtach ag ofráil an deis cáilíochtaí acadúil a bhaint amach, an céad acu ná céim...

...iontráil agus clárú...

...tá dioplóma ardscoile ag teastáil mar riachtanas iontrála do chúrsa céime, glaoitear an “maturità” air san Iodáil, agus baintear amach é i ndiaidh cúig bliana a bheith caite agat ag déanamh staidéar in ardscoil, ní ghlactar le teastais ná ráitis tinrimh chun iontráil ollscoile a bhaint amach...

...díolúine ó tháillí...

...má tá teastas easláine do 66% nó níos mó agat tá tú i dteideal a bheith díolúine ó tháillí ollscoile, ní íocann tú ach táillí réigiúnach agus táillí rialtais más rud é go bhfuil an teastas easláine níos lú ná 66% déanfaimid na deiseanna atá ar fáil duit a phlé agus má thiteann tú isteach i ngrúpa le buntáiste níos ísle, idir shealadach agus bhuan, tá coimisiún speisialta a gcloisfidh do iarratas do díolúine iomlán nó díolúine pháirteach i dtaobh táillí ollscoile...

...fáilte ionduchtaithe...

...roimh an cinneadh a dhéanamh cén céim a chláróidh tú le haghaidh, cén fáth nach mbuailfeá le Toscaire na Scéime maidir le daoine míchumasaithe agus daoine faoi míbhuntáiste. Agus Toscaire Ionduchtaithe an Staidéar chun measúnú a dhéanamh ar na cúrsaí ollscoile is éascaí agus is oiriúnaí, féachfaimid freisin ar slí bheatha duit sa todhchaí agus cuirfimid na háiseanna, na huirlisí teicniúla agus na huirlisí foghlamtha in iúl duit, déanfaimid na gníomhaíochtaí is feiliúnaí maidir le do chuid riachtanais agus tabharfaimid an deis duit plean staidéar pearsanta a dhéanamh chun na spriocanna a bhfuil leagtha amach agat duit féin...

...teagascóirí...

...tá léachtóir ceaptha ag gach Dámh mar theagascóir cabhrach a bheidh infhaighte chun cabhair a thabhairt duit le linn do chúrsa staidéir agus a chuideoidh leat aon fhadhbanna a bhféadadh a bheith agat a shárú; bíonn na teagascóirí ag comhoibriú le Dealagáidí an tSeansailéara, bíonn siad i dteagmháil leo go rialta chun teacht ar na réitigh is fearr...

...teagascóirí piara...

...seo daltaí a nglacann páirt i gcomórtas a rithfear faoi dhó in aghaidh na bliana a ndeireann go bhfuil siad ullmhaithe chun cabhair a thabhairt duit. Freastalaíonn siad ar chúrsa traenála leis an tseirbhís Eli-Che agus ceaptar iad, de réir foraithe an tSeansailéara, mar “theagascóirí piara” a thugann cúnamh íoctha ar feadh 150 uaire a chloig agus a thugann aire duit le linn do thréimhse staidéir; níl ort ach ceist a chuir do seirbhísí do theagascóir...

...soghluaisteacht eismheánach...

...tá mionbhus againn atá trealmhaithe do dhaltaí a úsáideann cathaoir rotha a bhfuil orthu bogadh ó áit go háit taobh istigh de choimpléasc na hollscoile, tá scéim áirithinte seachtainiúil againn a cuidíonn linn clár ama éifeachtach a eagrú do do-chuid gluaiseachtaí, tá scútair leictreach singil nó do bheirt do dhuine míchumasaithe ar a aonar/a h-aonar le a threoraí/a treoraí nó teagascóir piara, is feithicil bheag í a bhfuil ar chonair, ardaitheoir staighre, clár ardúcháin agus fiú cathaoir rotha fillteach...

...soghluaisteacht inmheánach agus bacainní ailtireachta...

...taobh istigh dos na dámha caithfear a bheith in ann gluaiseacht timpeall na háite go héasca: is rud éigeantach é na bacainní ailtireachta ar fad a bhaint, mar NÍ CEADAÍTEAR iad a thógáil i bhfoirgnimh nua nó i struchtúir seirbhísí. Dréachtaítear mionphlean roimh gach bliain acadúil chun na corrbhacainní a bhféadfadh a bheith fágtha ins na bhfoirgnimh stairiúla a bhaint; tá an ollscoil an-fheasach ar an t-ábhar seo agus más rud é go dtagann tú trasna ar aon bhacainní, le do thoil inis don toscaire láithreach mar gheall air. Molfaidh sé/sí don oifig teicniúla an fhadhb a réiteach agus “cúinse réasúnta a oibríonn” a aimsiú.”, mar a léiríonn sé i gcoinbhinsiún na NA...

...cóiríocht...

...tá tithíocht óstáin, ceaintíní, deontais staidéar i measc na seirbhísí atá ar ofráil sa “Azienda Regionale dell’Emilia Romagna” mar chuid do chearta na ndaoine maidir le oideachas tríú leibhéal, air a ghlaonn siad inniu ER.GO, le ceannoifig críche i bParma, Fón: 0521.2139, utentipr@er-go.it. Ofrálann sé tithíocht, acmhainní airgeadais agus gairmthreoir tríd chomórtais...